2024/3186 17.12.2024

# CINNEADH (CBES) 2024/3186 ÓN gCOMHAIRLE

## an 16 Nollaig 2024

## lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Samhain 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ([1]) lenar bunaíodh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA). An 12 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2441 ([2]), lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EUNAVFOR ATALANTA go dtí an 31 Nollaig 2024. An 4 Aibreán 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1059 ([3]), lena dtugtar Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES cothrom le dáta.

(2) An 1 Nollaig 2023, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) Rún 2713 (2023), lena mbunaítear trádbhac arm ar Al-Shabaab, agus lena ndéantar, go dtí an 31 Nollaig 2024, na forálacha a leagtar amach i míreanna 15 agus 17 de Rún 2182 (2014) ó CSNA, arna leathnú le mír 5 de Rún 2607 (2021) ó CSNA chun comhpháirteanna de ghairis phléascacha sheiftithe a chumhdach, a athnuachan. Ghlac CSNA Rún 2714 (2023) freisin, lena gcuirtear deireadh leis an trádbhac arm ar an tSomáil a bunaíodh le Rún 733 (1992) ó CSNA.

(3) I gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh Iomlánaigh do Chorn na hAfraice agus don tSomáil, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart síneadh a chur le EUNAVFOR ATALANTA go dtí an 28 Feabhra 2027 agus gur cheart measúnú straitéiseach a dhéanamh ar an oibríocht in 2025 a bheidh i gcomhréir leis an athbhreithniú straitéiseach ar an oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA), a bunaíodh le Cinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle ([4]). Thairis sin, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart an Lárionad Slándála Muirí – Corn na hAfraice (MSCHOA) a athainmniú mar ‘Lárionad Slándála Muirí – an tAigéan Indiach (MSC IO)’.

(4) Ina theannta sin, ghlac Ceanncheathrú Oibríochta EUNAVFOR ATALANTA feidhmeanna Aonad Comhordúcháin an Aontais Eorpaigh, arna bhunú le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/749/CBES ón gComhairle ([5]), ar láimh agus ba cheart, dá bhrí sin, an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach sin a aisghairm. Ní idirghabhálaí gníomhach de chuid EUNAVFOR ATALANTA í Oibríocht *Enduring Freedom* a thuilleadh.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

([1]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) (IO L 301, 12.11.2008, lch. 33).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/2441 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (IO L 319, 13.12.2022, lch. 80).

([3]) Cinneadh (CBES) 2024/1059 ón gComhairle an 4 Aibreán 2024 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) (IO L, 2024/1059, 5.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1059/oj).

([4]) Cinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj).

([5]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/749/CBES ón gComhairle an 19 Meán Fómhair 2008 maidir le gníomhaíocht comhordúcháin mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú le Rún 1816 (2008) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (EU NAVCO) (IO L 252, 20.9.2008, lch. 39).

*Airteagal 1*

Leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Ina theannta sin, déanfaidh EUNAVFOR ATALANTA faireachán, mar chúram neamhfheidhmiúcháin tánaisteach, ar gháinneáil ar dhrugaí támhshuanacha, ar gháinneáil ar airm, ar iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) agus ar thrádáil aindleathach fioghuail amach ó chósta na Somáile i gcomhréir le Rúin 2498 (2019) agus 2500 (2019) ó CSNA agus i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha, an 20 Nollaig 1988.';

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'f. idirchaidreamh a dhéanamh le heagraíochtaí agus eintitis, chomh maith le Stáit, atá ag obair sa réigiún chun gníomhartha píoráideachta agus robáil armtha amach ó chósta na Somáile a chomhrac, go háirithe an fórsa muirí "Tascfhórsa Comhpháirteach 151";';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h), an abairt deireanach:

'Féadfaidh EUNAVFOR ATALANTA fianaise a fuarthas a bhaineann le gníomhartha píoráideachta nó robála armtha a stóráil. Go háirithe, féadfar sonraí pearsanta a bhaineann leis na daoine dá dtagraítear i bpointe (e) a stóráil.';

(3) in Airteagal 2b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

***'Rannchuidiú le trádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar Al Shabaab a chur chun feidhme agus le cur i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí támhshuanacha amach ó chósta na Somáile i réimse na n-oibríochtaí';***

(4) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1a agus 1b:

'1a. Comhordóidh EUNAVFOR ATALANTA go dlúth leis an tionscal loingseoireachta, go háirithe trí Lárionad Slándála Muirí - an tAigéan Indiach (MSC IO).

1b. Comhordóidh EUNAVFOR ATALANTA go dlúth le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) a bunaíodh le Cinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle (*). Go háirithe, déanfaidh EUNAVFOR ATALANTA, a mhéid is féidir, tacaíocht lóistíochta do EUNAVFOR ASPIDES agus dlúth-idirchaidreamh idir EUNAVFOR ASPIDES agus tionscal na loingseoireachta a éascú, go háirithe trí Lárionad Slándála Muirí - an tAigéan Indiach (MSC IO).

(*) Cinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj)';

(5) in Airteagal 14, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'9. EUR 13 800 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chostais choiteanna oibríocht mhíleata de chuid an Aontais don tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 28 Feabhra 2027. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 0 % le haghaidh gealltanas agus 0 % le haghaidh íocaíochtaí.'

(6) leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2, 3 agus 4:

'2. Leis seo, déantar Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/749 CBES a aisghairm.

3. Déanfar measúnú straitéiseach ar EUNAVFOR ATALANTA in 2025, a bheidh i gcomhréir leis an athbhreithniú straitéiseach ar EUNAVFOR ASPIDES.

4. Tiocfaidh deireadh le EUNAVFOR ATALANTA an 28 Feabhra 2027.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5. Déanfar an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach seo a aisghairm ó dháta dúnta Cheanncheathrú Oibríochta an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le pleananna a formheasadh chun deireadh a chur le EUNAVFOR ATALANTA agus gan dochar do na nósanna imeachta maidir le cuntais EUNAVFOR ATALANTA a iniúchadh agus a chur i láthair a leagtar síos i gCinneadh (CBES) 2021/509.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS